



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 16 Aibreán 2018  
(OR. en)

7735/18

COAFR 89  
CFSP/PESC 319  
COHOM 47  
COHAFA 23  
RELEX 303

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|        |                                                                 |
|--------|-----------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                       |
| An:    | 16 Aibreán 2018                                                 |
| chuig: | na toscaireachtaí                                               |
| Ábhar: | An tSúdáin Theas<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Aibreán 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an tSúdáin Theas, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3613ú cruinniú dá cuid a réachtáladh ar an 16 Aibreán 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin Theas**

1. Is bliain fíorthábhachtach í 2018 chun an tsíocháin a dhaingniú sa tSúdáin Theas ós rud é go dtiocfaidh deireadh ar théarma Rialtas Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta (RIAN), mar a leagtar amach é sa Chomhaontú maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (CRCST). Tacaíonn an tAontas go láidir le hiarrachtaí an Údaráis Idir-Rialtasaigh ar Fhorbairt (IGAD) chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí agus chun an tsíocháin a chur i réim sa tSúdáin Theas tríd an bhFóram Ardleibhéil Athnuachana (FAAN). Ba cheart an deis a bheith ag na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach in FAAN, gan srian agus gan eagla. Is díol sásaimh don Aontas an ról tábhachtach a bhí ag an tsochaí shibhialta, ag daoine óga, ag na mná agus ag eagraíochtaí creidimh le linn an dá chéim thosaigh den Fhóram. Caithfear spás polaitiúil a áirithiú dóibh, agus do ghrúpaí leochaileacha chomh maith, le go bhféadfaidh siad bheith rannpháirteach.

Is é CRCST bonn an phróisis ach, mar sin féin, caithfear a bhfuil ag tarlú ar an láthair le fírinne a aithint sa phlé. Is cúis mhór inní don Aontas i gcónaí é go bhfuiltear fós i mbun troda agus go bhfuil cearta an duine á sárú agus á mí-úsáid go fóill ar bhonn tromchúiseach, rud a fhágann go bhfuil daoine fós ag fulaingt go géar agus go bhfuil an tír scriosta. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa chaibidlíocht tús áite a thabhairt do thodhchaí na tíre agus do riachtanais a daoine.

2. Áitíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht sa tSúdáin Theas deireadh a chur láithreach leis an troid agus páirt a ghlacadh sa phróiseas síochána de mheon macánta. Le linn FAAN, beidh ar na páirtithe uile a léiriú go bhfuil siad fíorthiomanta agus dáiríre faoi theacht ar chomhaontú ar an méid seo: comhroinnt mharthanach, athbhreithnithe na freagrachta; struchtúir chuntasacha, réadúla rialachais lena léireofar éagsúlacht pholaitiúil, réigiúnach eitneach na tíre; idirthréimhse shoiléir; agus socruithe éifeachtacha, seasta i leith na hearnála slándála, a ndéanfar faireachán orthu, nach mbeifear in ann a úsáid chun leasanna aon ghrúpa aonair a shaothrú. Is ar an tuiscint seo a réiteofar an chonair chun go mbeidh síocháin agus cobhsaíocht inbhuanaithe mharthanach sa tSúdáin Theas.

3. Is díol sásaimh don Aontas gur síníodh an Comhaontú maidir le Deireadh a chur leis an gCogaíocht, Sibhialtaigh a Chosaint agus Rochtain Dhaonnúil (CoHA) ar an 21 Nollaig 2017. Mar sin féin, tá an comhaontú á shárú go rialta ag gach taobh, rud a chuireann alltacht ar an Aontas. Ní mór do gach páirtí deireadh a chur láithreach bonn le sáruithe míleata agus le sáruithe eile ar an gcomhaontú, lena n-áirítear an bac ar oibríochtaí daonnúla, bolscaireacht naimhdeach, agus deireadh a chur le ciapadh na sochaí sibhialta, na meán agus an tSásra chun Faireachán a dhéanamh ar an Sos Cogaidh agus ar na Socruithe Idirthréimhseacha Slándála (CTSAMM). Molann an tAontas an obair atá déanta ag CTSAMM go dtí seo ó thaobh tuairisciú a dhéanamh, i gcúinsí deacra, ar sháruithe ar CoHA. Tá sé ríthábhachtach go nochtadh na páirtithe faisnéis, go neamhchoinníollach, faoina n-aonad míleata ionas go bhféadfaidh an tAontas Afracach (AA) gníomhú i gcoinne na ndaoine siúd atá freagrach. Iarrann an tAontas ar gach páirtí tacú leis an bpróiseas fíorúcháin, lena n-áirítear trí rochtain ag CTSAMM a éascú.
4. Is díol sásaimh don Aontas an ról tábhachtach atá ag an Aontas Afracach (AA), agus dianiarrachtaí na Náisiún Aontaithe (NA) agus a Mhisin sa tSúdáin Theas (UNMISS) chun sibhialtaigh a chosaint agus chun tacú leis an bpróiseas síochána. Iarrann an tAontas an athuair gur cheart a ligean do UNMISS, agus don Fhórsa Réigiúnach Cosanta (FRC), a gcuid sainorduithe a chomhlíonadh, mar a léirítear i rún 2406 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cuireann sé i bhfios go láidir gur gá go mbeadh cur chuige aontaithe ag na tíortha uile sa réigiún.

5. Tá fíor-ímní i gcónaí ar an Aontas faoin staid dhaonnúil thubaisteach atá ann le fada agus arb é an choinbhleacht leanúnach is cúis leis. Tá seacht milliún duine ann - dhá thrian den daonra - a bhfuil cúnamh daonnúil ag teastáil go géar uathu mar thoradh ar bhreis agus ceithre bliana coimbhleachta, agus is iad na leanaí atá thíos leis go háirithe. Tá corradh le ceithre mhilliún duine easáitithe, lena n-áirítear os cionn dhá mhilliún duine a theith go dtí tíortha comharsanachta. Tá eagraíochtaí daonnúla fós faoi bhagairt ó thaobh na slándála de agus bíonn orthu dul i ngleic le cineálacha eile bacainní freisin, lena n-áirítear bacainní maorlathacha. Leanann páirtithe sa choinbhleacht d'acmhainní a atreorú, lena n-áirítear trí tháillí iomarcacha ar cheadanna oibre agus trí chánacha treallacha. Cáineann an tAontas Eorpach gach ionsaí ar phearsanra daonnúil agus tathantaíonn sé ar na páirtithe uile sa choinbhleacht saor-rochtain shlán, gan bhac ar na limistéir uile a thabhairt, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas freisin ar gach deontóir, ar gach gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe agus ar gach eagraíocht neamhrialtasach freagairt a dhéanamh ar bhealach níos córasaí agus níos diongbháilte. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile an dlí idirnáisiúnta daonnúil a chomhlíonadh, sibhialtaigh a chosaint agus cúram leighis a éascú. Tá sé ríthábhachtach, níos mó ná riamh, go mbeidh rochtain chomhsheasmhach, shlán ann chun go bhféadfar cúnamh daonnúil marthanach a thabhairt ionas nach mbeidh gorta ann arís, mar a bhí in 2018.

6. Cáineann an tAontas sna téarmaí is láidre ionsaithe in aghaidh sibhialtach, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na hionsaithe sin a thuairiscigh an Coimisiún maidir le Cearta an Duine sa tSúdáin Theas (CHRSS). Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus mí-úsáidí na gceart sin, a bhféadfadh cuid acu a bheith ina gcoireanna cogaidh, lena n-áirítear foréigean a spriocdhírítear ar bhonn eithneach, éigniú, agus foirmeacha eile foréigin ghnéasaigh nó inscnebhunaithe, leanaí a earcú agus a úsáid le linn coinbhleachta, daoine a bheith ar iarraidh de thoradh fornirt, agus coinneáil rúnda, gabháil agus coinneáil threallach chomh maith le céastóireacht, tá siad á ndoiciméadú agus a dtuairisciú go rialta. Is ag cúngú atá an spás atá ann, ar fud na tíre, do chosantóirí chearta an duine agus d'iriseoirí chun obair gan bhac a dhéanamh. Níor cheart ligean do chultúr na saoirse ó phionós a bheith i réim a thuilleadh; Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá deireadh a chur leis agus iarrann sé an athuair, ar na páirtithe go léir, coirí a choimeád cuntasach agus réitigh éifeachtacha a áirithiú d'íospartaigh. Tacaíonn an tAontas go láidir le cur chun feidhme institiúidí idirthréimhseacha ceartais sa tSúdáin Theas agus tathantaíonn sé ar Rialtas Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na sásraí dá bhforáiltear i gcaibidil V de CRCST, agus, go háirithe, an Meabhrán Tuisceana maidir le Cúirt Hibrideach a bhunú don tSúdáin Theas a shíniú gan tuilleadh moille. Tacóidh an tAontas le hoibriú éifeachtach an tsásra sin amach anseo.
7. Cáineann an tAontas Eorpach go láidir leibhéil arda an éillithe agus na sreafaí airgeadais aindleathacha lena gcothaítear an choinbhleacht. Iarrann sé go mbeadh cuntasacht airgeadais níos mó ann, go gcloífi leis na caighdeáin idirnáisiúnta airgeadais agus go gcothófaí caidreamh freagrach leis na hearnálacha airgeadais réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus molann sí don tSúdáin Theas clárú le Grúpa Oirthear agus Dheisceart na hAfraice in aghaidh sciúradh airgid. Tá an méid sin rithábhachtach chun go gcuirfí tús leis an bpróiseas chun muinín na ndaoine agus na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta as bainistiú na geistí poiblí sa tSúdáin Theas a athbhunú. Is cúis mhór imní don Aontas é go bhfuil airm á n-allmhairiú i gcónaí agus tá an-imní air freisin faoi líomhaintí maidir le comhpháirteachas réigiúnach. Leanfaidh an tAontas dá thrádbhac uathrialach arm a chur i bhfeidhm agus iarrann sí ar na Náisiúin Aontaithe an athuair trádbhac arm a chur i bhfeidhm. Molann an tAontas an cinneadh a rinne Comhairle na nAirí de chuid IGAD le linn an 61ú seisiún a bhí aici ar an 26 Márta 2018 smachtbhannaí spriocdhírithé a fhorchur ar sháraitheoirí aonair CoHA agus molann sí don Aontas Afracach an cinneadh sin a chur chun feidhme. Tá an tAontas réidh i gcónaí na bearta iomchuí uile a chur i bhfeidhm orthu siúd a chuireann isteach ar an bpróiseas polaitiúil.

8. A luaithe a thiofear ar chomhaontú ag FAAN, agus a chuirfear tús le haistriú nua, beidh ar rialtas nua na Súdáine Theas dul i ngleic le dúshláin ríthábhachtacha. I dtosach báire, caithfear sos cogaidh buan a bhaint amach. Caithfear slándáil an daonra agus dálaí feabhsaithe daonnúla a áirithiú le go gcothófar timpeallacht shlán le go bhfillfidh dídeanaithe, agus iad siúd atá easáitithe ina dtír féin, dá ndeoin féin, tráth níos déanaí. Ba cheart próiseas an athbhreithnithe bhunreachtúil a thabhairt chun críche ar bhealach cuimsitheach, lena n-áiritheofar spás polaitiúil, sibhialta oscailte. Ba cheart próisis don chuntasacht, don athmhuintearas agus d'insint na fírinne a ullmhú, ós rud é gur gnéithe bunriachtanacha iad sin chun ceartas a chur ar fáil don daonra. Leis an méid sin, réiteofar an chonair le go bhféadfaidh na húdaráis idirthréimhseacha toghcháin inchreidte, chuimsitheacha a ullmhú i gcomhréir le hamlíne athbhreithnithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, bheadh an tAontas faoi réir machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun tacú leis an tSúdáin Theas agus í ar chonair na síochána agus na cobhsaíochta.

---